Is glas iad na cnoic i ḃfad uainn

Tá sé de nós ag furmór de ḋéagóir an lae inniu naċ ḃfuil san gcuid is mó dena seanoḟcail aċ leaṫ an ḟirinne, aċ dar m'ḟocal ní ḟéadfaimis a ṫuile a rá i dtaoḃ an ċeann seo. Tá an fonn sin spaistóireaċta orainn ó ḃíomar inár naíonán bídeaċa. Lean sé an aġaiḋ linn go dtí an meánscoil agus anois tá na caisleáin farsinge á dtógáil againn sna "tíorṫa teo" ṫar lear, áit ina mbíonn an grian i gcónaí ag lonnraḋ!

Naċ breá is cuimin liom, mo ċéad lá san mbunscoil. Go dtí sin ḃíoḋ éad an domain agam do mo ḋreaṫáireaċa, iad ag imeaċt leo gaċ maidin agus ag filleaḋ san tráṫnóna leis na h-eaċtraí uafásaċ sin. Ba ṁór an saoirse dom imeaċt amaċ san saol úrnua sin, ḃíos ar ċipíní! Go deimin ṫaitnig sé liom. B'ionaḋ liom na cáirr gleoite, glór agus foṫram na sráideanna.

B'aoiḃinn liom an scoil agus an múinteoir cneasta leis an aoiḃ gáire ar a ḃéal. Aċ tráṫnóna éicint, ṫárla an tubaist. "Sín amaċ do lám a Ṁáire." Scairt mé ós árd agus ḃí trí buille den tslat searḃ tuillte agam. Níor ṫaitnig scoil dom níos fuide, níorḃ aoiḃinn an áit é in dáiríri. Ba ṁear a laġdaig an ġlaise as sin amaċ.

De réir mar a ḃíos ag dul ar aġaiḋ sna ranga, ag dreapaḋ na cnocáin éagsúla is ag dul in olcas a ḃí sé. Ḃí rialaċa daingne le coiméad — ceaċtanna deacra le déanaṁ agus faiḋbeanna níos castaí a réiteaċ. Ṫáinic an bun-teist, ċeap mé gurḃ crúógaċ an cnoc é sin go dtí gur ṫáinic an Ard-Teist. Ḃíomar ag staidéir gan sos, gan scít a ligint. Ċeap mé gurḃ mí-ṫrócairi na fir sinn, Euclid agus Milton. Aċ i ndeire na dála ḃí ár réime sléiḃteoireaċta caite againn. Ar aon nós sin mar a ċeapas.

Anois tá an saol mór ag sineaḋ amaċ romainn agus tá na céadta cnoic ag tabairt an ḋúslán céanna dúinn. Tá muid lán de fiosraċta agus fásann ionainn dúil agus, díocas ċun ḃeiṫ ag aṫrú ó áit go h-áit, ó tír go dtír. Go mín minic tágann constaicí san dtreo dúinn. Aċ is beag buairt a ċuireann sin orainn, ní laġdaíonn sé an claonaḋ atá ionainn ċun dul ar aġaiḋ agus triall, do ḃaint as pé torаḋ a ḃéaḋ againn. Ḃí an claonaḋ sin san dúinne daonna ó tús tsaol, ṡíolraíomar é ó nár gcéad dtuismiṫeoirí. Is air claonaḋ sin a ċur amú iad i gáirdín Párṫás.

Bíonn sceitimini áṫais orainn nuair a ḃíonn gníoṁ éicint comlíonta againn, nuair a ḃíonn áit cónaí nua bainte amaċ againn aċ ní ḟada a ḟanann an, áṫais céanna faraoir ní ḃíonn ann aċ seal. Éiríonn muid tuirseaċ i gceann tamaillín agus ṁeaṫann glaise an ṗost nua nó an áit cónaí fé mar a ṁeaṫann bláṫna cúṁra faoi sioc nimneaċ an sioc. Ní ḃéinn sásta go deo san tsaol seo — ní ḃéinn sásta go mbeaḋ an cnoc sin atá i ḃfad i ḃfad uainn, bainte amaċ againn — sé sin—Neaṁ.

An lá atá inniu ann tá an imirce ina faiḋb mór. Is deacair é a réiteaċ, ní túisce go ḃfuil siad críoċnaiṫe san mbunscoil nó go ḃfuil siad ag dul ṫar lear. Is annaṁ a éiríonn siad tuirseaċ traoċta de glórṫa na caṫraċ 7 éiríonn siad buarṫa

"Le ċruatan luċt siúlta na sráideanna."

Ṁeaṫann glaise na tíorṫa iasaċta agus is annsin a ḃíonn an aigéala orṫu naċ raiḃ níos mó meas acu dá dtír ḋúċais. Táim cinnte dearfá, go moṫaíonn siad an tírġraḋas céanna is atá léiriṫe ag Donnċaḋa Rua Mac Conmara insan lán sin "Ṫanċnoic Éireann Óiġe", nuair a ḃí sé na mílte míle i gcéin i dtalaṁ an Éisc Ċoṁ, mait leis, na beannaċtaí álainn is cinnte ár deoraí atá i ḃfad ó ḃaile:—

"Raċaiḋ mé ar cuairt, nó is luaṫa mo ṡaol,
Don talaṁ ḃeag ṡuairc is dual do Ġaeil.
Is go mb'ḟeann liom ná duais dá uaisleaċt é
Ḃeiṫ ar ḃánċnoic Éireann Óiġe."

Máire Ní Ḃraonáin. Cloċar Mairisteaċ, Tobar a' Ċoire.

Cloiċeannaola

Ḃí na h-Aifrinn as Gaeilge in aċan Teaċ Pobail san paráiste Dé Domnaig seo caite, an ċéad Domnaċ den Ċargas. Ṫárla an t-aṫrú ón Laidin go dtí an Gaeilge gan mórán trioblóide. Ḃí eolas tugṫa don pobal roiṁré fá dtaoḃ de, agus an dóig a raiḃ siad leis na freagraí a ṫabairt, agus ḃí leabraí ar fáil díoba. Ḃí a sáit lúṫáire ar cuid ṁait de na seandaoine paidreaċa an Aifrinn a ċluinstin ina dteanga féin, agus iad a ḃeiṫ ag tabairt freagra orṫa. Sagart na Paráiste féin, an Dr. Ó Siail, a léig an tAifreann i nGort a' Ċoirce agus ḃí Teaċ an Pobail lán. Níor cluineaḋ ariaṁ Béarla ar biṫ i dTeaċ Pobail Críost Rí, ó tógaḋ é. I nGaeilge a ḃí na hAifrinn fosta ar an Ḟálċarraċ, agus ar Oileán Ṫoraí.

Cuireaḋ suim ar leiṫ insan paráiste seo insan onóir mór a tugaḋ do corp Ruaiḋrí Mac Easmain nuair a tugaḋ na ḃaile go Baile Áṫa Cliaṫ é. Ḃí baint ag "Ruaiḋrí na nGael" leis an paráiste seo ṫar áit ar biṫ eile. Ḃí sé mar ḃunaiṫeoir agus fear spreagṫa Ċoláiste Ulaḋ, Gort a' Ċoirce. Ċabraig sé le luċt na Coláiste ar níos mó ná dóig aṁáin. Ṫug sé cabair airgeadais do luċt na Coláiste 7 ṫáinig sé féin a' stopaḋ insan ċeantar agus a' tabairt cuairt ar na scoltaċa ṫart, le ḃeiṫ ag éisteaċt le Gaeilge na bpáistí agus le ḃeiṫ ag comrá leo.

Ar ċeann de na scéalta is deise fá Ruaiḋrí Mac Easmain, an uair a casaḋ bean ḃoċt agus a h-inion dó ar an ḃealaċ agus an girseaċ ḃeag a' caoineaḋ ceann as go raḃtar leis an asal a ḋíol leis an cíos a íoc. Ċeannaig Ruaiḋrí an t-asal, agus ansin ṫug sé arais don ċailín beag é.

Ḃíoḋ sé ag stopaḋ tamall ag Cill Ult, agus sealanna eile in Óstán Ṁic Ḟionnlaoiċ. ar an Ḟálċarraċ, agus ṫug sé cuairt ar Oileán Ṫoraí ċom maiṫ. Cara ar leiṫ dó ab ea Aoḋ Ó Dúṫaig, Timṫire Ċonraḋ na Gaeilge, as Bealtaine, áit ar ċaiṫ sé oíċeannta fada ag comrá. Ḃí aiṫne ṁait aige ar Niall Ó Dúṫaig ċom mait agus ar Séamas Mac a5 Ḃáird, ar Oileán Ṫoraí. N-ainmníoḋ craoḃ Ċonraḋ na Gaeilge i bparáiste Ċloiċeannaola in onóir do Ruaiḋrí Mac Easmain ina ḋiaiḋ sin.

Lá an tórraim ḃí ċor a ḃeiṫ aċan duine insan paráiste ag éisteaċt agus ag féaċaint ar an ċeiliúraḋ, agus ḃí na scoltaċa ar Ṫoraí agus Inis Bó Finne, dúnta, mar ċomarṫa measa.

Comġáirdeas le Gairmscoil Gort a' Ċoirce a fuair an ċéad áit insan Ḟéile Drámaíoċt i Leitir Ceanainn agus do Cloiċeannaola a fuair an ċéad duais i roinn na ndaoine fásta. Éamonn Ó Duaċáin, O.S., Druim na Tine, a ḃí ar an aisteoir ab' ḟearr insan ḟéile ar fad, agus fuair sé bonn ar leiṫ. Ḃeiḋ aisteoirí Ċloiċeannaola ag taisteal go Béal Feirste amaċ anseo le ḃeiṫ páirteaċ in comórtas Ċúige Ulaḋ. Caoiṁín Ó Conluain, O.S., an léiriṫeoir, agus ar na h-aisteoirí eile ḃí: Éamonn Ó Duaċáin, Séamas Mac Ḟionnlaoiċ, Pádraic Mac Giolla Cearra agus Tomás Breaṫnaċ. Ar foireann Gort a' Ċoirce (léiriṫeoir Tomás Breaṫnaċ) ḃí:— Caitlín Ní Ġallċoḃair, Treasa Nic Ḟionnlaoiċ, Sorċa Ní Ḟearraig, Eiḃlín Ní Ḋuaċáin, Séamas Mac an Ultaig, Donnċa Ó Curráin, Donnċa Ó Canáinn, Séamas Mac Gairḃí agus Seán Mac Giolla Ḃríde.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Éamonn Mac Giolla Ċearra, as Caiseal, i nGaillim. Ḃí sé insan ċéad ċaṫ Gaelaċ ag Rinn Mór. Dearṫár é do Aindrias Mac Giolla Ċearra, O.S., agus Proinsias Mac Giolla Ċearra, Caiseal.

An tseaċtain seo caite, fosta, d'éag Éamonn Ó Canáinn, Bealtaine. Ḃí sé ós cionn na dtrí-scóir-go-leiṫ, agus fear breá fiúntaċ ab ea é. Níṫear comḃrón lena ḃeanċéile, Máire Bn. Uí Ċanáinn, Séamas agus Micéál, agus Úna Bean Ṁic Gaḃann agus Sorċa Bean Uí Ḃriain. Ċuaig tórraṁ mór leis go reilig Naoṁ Ṁuire, Gort a' Ċoirce, ar an Luan, indaiḋ Aifreann na Marḃ, i dTeaċ Pobail Críost Rí, a léig S. S. Ó Breisleáin, S.C.

Gleann Doiṁin

Ḃí lúṫáir ṁór anseo gur ḃain foireann na scoile na ċéad duais do roinn na Gaeltaċta i ḃféile drámaíoċta Leitir Ceanainn. Ba í Máistreás na Scoile. Máire Nic an Ḟionnaig, O.S., léiríṫeoir an dráma, agus tá comġáirdeas ar leiṫ tuillte aici, nó is fíor ḋóilig do scoil ḃeag mar Ġleann Doiṁin dul i gcoiṁlint le scoltaċa móra, agus is mór an cliú agus an spreagaḋ é do Ġaeltaċt beag mar seo, go dtig leo ḋul isteaċ imeasc an ċuid is fearr san ċondae, agus an ċraoḃ a ḃreiṫ leo.

Cloċan Liaṫ

Tá an Cloċán Liaṫ istiġ ar comórtaisí na mBaile Néata. 65, in Rang C, sé sin bailte idir 500 agus 1,500 daonra. D'innis Aoḋ Ó Baoill é seo do cruinniú de Coiste Feabsaiṫe an ḃaile, i dTeaċ Ósta Ṁic Suiḃne, an Cloċán Liaṫ. Ḃí cruinniú cinnḃliana de Coiste Feabsaiṫe an ḃaile, i halla na paráiste, An Cloċán Liaṫ Dé Ceadaoine seo caite, agus ar ċeann de na rudaí a ḃí dá plé ag an ċruinniú cinnḃliana ab ea. comórtas na mbannaí ceoil, 'um Ċáisc.

Iarraṫóir

Ag cruinniú de Ċumann Fianna Fáil ar na Cealla Beaga, toġaḋ Breandán Ó Muirinn, B.C.L., Aturnae, Na Cealla Beaga. mar ionadaí don toġċán don Ċomairle Condae. Ar ḃóta insan ċumann, ḃuaig sé ar S. G. Orange, LL.B., Aturnae, sean ḃall den Ċomairle Cóndae san am i láṫair, aċ raċaiḋ an dá ainm ós comair an Ċomairle Ceantar. le pioċaḋ. Coṁ-ṫoġaḋ an tUasal Orange don suíoċán, nuair a d'éirig an tUasal Ó Domnaill, Cill Ċárṫa, Gaeilgeoir cliúiteaċ as an Ċomairle.

Focal mór agus déaġ-ċur leis

Ḃí sean sagart paróiste amuig i bparóiste iargcúlta boċt uair aṁáin. De ġnáċ ní ḃíoḋ mórán daoine ar Aifreann aige aċan lá den tseaċtain, aċ i gcónaí ḃíoḋ teaċ an ṗobal lán go doras Dé Domnaig. Domnaċ aṁáin i lár an ġeiṁriḋ ḃí titim trom sneaċta oíċe Ṡaṫairn agus ní raiḃ oiread as duine aṁáin den ṗobal i láṫair ag an Aifreann maidin Dé Domnaig. Amaċ leis an sagart paróiste agus léig an tAifreann agus ḃí bean-tí an tsagairt ansin, le na ḟrioṫalaṁ dó. Ḃí go maiṫ as ní raiḃ go h-olc. I gceann cúpla lá d'imig an scéala ó ḃéal go béal imeasc na gcomarsan go raiḃ teaċ-ṗobail folaṁ maidin Ḋomnaig. Ḃuail bean comarsan leis an sagart ansin cúpla lá indiaiḋ seo, agus ar sise leis go buarṫa. "Ba ṫrua liom, a Aṫair, go raiḃ teampall folaṁ agat maidin Dé Domnaig." "A ḃean ċóir," arsan sagart léi, "Ní raiḃ ariaṁ agus ní ḃéiḋ go bráṫ teampall folaṁ agus an tAifreann á léaṁ ann. Naċ ḃfuil ḟios agat go dtagann na mílte Aingeal anuas ó na Flaiṫis le na gCruṫaiġeoir a aḋraḋ as a ṁolaḋ agus É dá ofráil féin ar an altóir? Creid mise, nár ḋúirt mé an tAifreann ariaṁ ċom duṫraċtaċ, cráifeaċ agus a ḋúirt mé é Dé Domnaig seo caite."

Ba ġoirid ar ndóig gur ċuala an paróiste uilig caint an tsagairt, agus má ċuala ní ḋearna siad dearmad air. De réir a ċéile ṫosaig níos mó aca ag teaċt ar Aifreann go laeṫiúil, 7 sa deire ḃíoḋ oiread ag Aifreann aċan maidin agus a ḃíoḋ aċan Domnaċ roiṁe sin. 'Sé an tAifreann ċroí an Ċreidiṁ.

Tortaí Féile Drámaíċota

B'iad seo na tortaí ag Féile Drámaíoċta Leitir Ceanainn ar ṫugamar cuntas faoi insan eagrán deireannaċ:

Daoine fásta, drámaí aonraḋarc—1, Cloiċeannaola (Na Poichéirí), 96; 2, Club Gaeilge, Leitir Ceanainn (Ḃeirt na Boḋaire Bréige) 92; 3, Baile na nGallóglaċ (An Fear a Ṗós Balḃán) 90. Faoi 11, Galltaċt. 1. N.S. Dún na nGall (Na hUllaí Órḋa) 78; 2, Cill Ṁac Craonáin (Aoí na bPáistí) 72. Os cionn 11 (Galltaċt) — 1, Cloċar Loreto, Leitir Ceanainn (Imeaċt na hÁilneaċta) 84; 2, Cloċar Loreto (Íosagáin) 75; 3, Bráiṫre na Toirbeirte, Leitir Ceanainn (An Gadaí) 68. Faoi 8 mbl.. Galltaċt —1, Sc. Ṁuire gan Cmál, Leitir Ceanainn (Tomaisín) 86; Gaeltaċt, faoi 11 — 1, S.N. Gleann Doiṁin (An Stráinséar) 86; 2, Gleannḃarr (Na Laeṫa Saoire) 82. Ós cionn 11, Gaeltaċt — 1, Bun an Inḃear. Doire Beag (An Stráinséar) 86. Gairmscoltaċa: 1, Gort a' Ċoirce (Dúirt Sé, D'Aḃairt S) 78; 2, Baile na nGallóglaċ (Cleaṁnas Pádraig) 74; 3, Leitir Ceanainn (An Ṁiorúilt) 70. Meán-scoltaċa, faoi 16 — 1, Cloċar na Trócaire, Bun Crannaig (Rúṫ) 94; 2. Cloċar Loretto, Leitir Ceanainn (Coinnleoirí an Easpaig) 88; 3, Cloċar Loreto, Leitir Ceanainn (Breacaḋ an Lae) 80. Meán-scoltaċa, ós cionn 16 — 1, Cloċar Loreto, Leitir Ceanainn (Casaḋ an tSúgáin) 88; 2, Cloċar Loreto. Leitir Ceanainn (84); 3, Cloċar Loreto, Leitir Ceanainn (An Bunán Buí) 78. Daoine fásta (dráma trí-raḋarc) — 1, Conraḋ na Gaeilge, Doire (An Stráinséar Duḃ) 82. Léiriṫeoir ab' ḟearr — Rita Ní Ḃaoill, Leitir Ceanainn; ban aisteoir ab' ḟearr, Nóra Ṁic Ṁánasa, Leitir Ceanainn; aisteoir ab' ḟearr — Éamonn Ó Duaċáin, Cloiċeannaola; aisteoir cailín ab' ḟearr — Brío Ní Ġallċoḃair. Gleann Doiṁin. Buaċaillí — Pól Ó Fearraig agus Séamas Mac Garḃaí, Bun an Inḃear.

I nGaeilge aṁáin a laḃair an tAṫair C. S. Ó Maolraiṫne, Riarṫóir, Leitir Ceanainn, nuair a d'oscail sé an Féile, agus ṫug sé árd ṁolaḋ do na daoine a d'oibrig ċom crua sin leis an féile a ċur ar siúl. Ba ḃeag maiṫeas an teanga gan a laḃairt mar ḃeoṫeanga. Ag an deireaḋ, ṫug an tUasal Mac Gaḃann, rúnaí. buíoċas don Aṫair Ó Maolraiṫne, as an féile do oscailt, agus as an Literary Institute a ṫabairt ċuige agus do gaċ duine eile a ċabraig leis an ḟéile.

TIR NA nÓG

Coláiste Cróna

Ára Mór, Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Samraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leabair a's ag saoṫrú an léinn,
Bí linn ins na bádaí ċuig Uí Ḃreasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoibnis ġeobair spórt agus scléip.

Cursai

30/6/65 —— 24/7/65
27/7/65 —— 20/8/65

Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Cróna, Ára Mór

no AMARACH, Ceanannus Mor.

Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.

Túsáite don Iarṫar

Ag cruinniú i mBealaċ Féiċ. d'adṁaig Seosaṁ Ó Braonáin, T.D., rúnaí pairliminte don Taoiseaċ, gur ṫuig an Rialtas gur ceist práinneaċ a gcaiṫfí tús áite a ṫabairt di, ceist an pobail ar imeall ċladaċ Iarṫar na hÉireann.

Ṁeas Teaċtaí an Iarṫair naċ raiḃ siad ag seasaṁ i gceart ar son a bpobal muna dtaḃarfaḋ siad aire an Rialtais ar an ḟaḃb speisialta seo. Ḃí sé againn ó aimsir na Gorta. Aċ. ċom fada agus a ḃí fiaċaḋ ar ḋuine ar biṫ imeaċt as an tír, de ṫairḃe easpa oibre, ní ḟéadfaḋ siad a rá. go raiḃ an ḟaiḋb réitiṫe.